

**Staid Reatha agus Treochtaí Earnáil na Meán in Éirinn**

**Páipéar Taighde d'Fhoras na Gaeilge**

**Pádhraic Ó Ciardha** Iúil 2019

# Réamhrá agus Comhthéacs

*"Is mian linn tuairim ghairmiúil a fháil ar threochtaí na hearnála don todhchaí romhainn chun cabhrú linn cinntí a dhéanamh faoin úsáid is éifeachtaí dar gciste ar son na hearnála meán. Tabhair faoi deara gur ar mhór-Earnáil na Meán trí chéile in Éirinn atá an páipéar seo dírithe agus chan ar 'earnáil thraidisiúnta na meán Gaeilge".*

Tá earnáil na meán thar a bheith casta, ilghnéitheach agus corrach ar fud na cruinne faoi láthair. Fágann forbairtí teicneolaíochta, modhanna nua cruthaithe agus dáileadh ábhair agus an domhandú atá tagtha ar rochtain agus ar úinéireacht go bhfuil tionchar forleathan ag oll-ghnólachtaí idirnáisiúnta ar gach gné den mhargadh, i ngach áit, beagnach.

Is leochailí fós an scéal in Éirinn nuair a chuirtear san áireamh stádas agus cumhacht an Bhéarla, teanga uilíoch na meán. Anuas air sin, tagann ár stair agus cúrsaí tíreolaíochta isteach sa scéal. Cónaíonn muid ar oiléán beag ar imeall thiar thuaidh na hÉorpa, limistéir beag talún ina bhfuil an Béarla ar a thoil ag gach duine. Táimid béal dorais leis an mBreatain, ceann de mhór ionaid cumarsáide na cruinne leis na céadta bliain, a bhfuil a meáin ar fáil ar fud an oiléain s'againne ó thús a ré. Is sna Stáit Aontaithe Mheiriceá, dar ndóigh, atá a gceann-cheathrú ag mórmhíreoirí an domhain sna meáin Bhéarla – Amazon, Apple, HBO agus príomhchathair na scannán agus na drámaíochta teilifíse, Hollywood.

Dá thoradh seo ar fad, tá ár margadh meán agus ár nósmhaireachtaí úsáide faoi thionchar fhórsaí cumhachtacha seachtracha ar beag ár smacht orthu.

Gan amhras, tá margadh meán againn anseo in Éirinn atá luachmhar ann féin. Ach tá sé ar scála atá an-bheag le hais a chomharsa. Tá roghanna ar-líne ár dtomholtóirí thar a bheith fairsing agus ag méadú in aghaidh an lae. Agus is margadh é ina bhfuil rochtain fhurasta ag móran gach tomholtóir ar ábhar ó aon cheard den chruinne ar bhrú cnaipe, gan táille a íoc.

Dá réir sin, ní scéal simplí aontaithe atá le léamh sa gcáipéis seo. Cinnte, tá pátrúin áirithe comóntha le brath, mar atá freisin cosúlachtaí le tíortha beaga eile. Ach tá cúinsí uathúla eisceachtúla in Éirinn a chaithfear a thuisint freisin.

Mar shampla ábharach amháin, bhí easnamh glan €13 milliún ag RTÉ (an t-imreoir is mó ar fad san earnáil meán in Éirinn) sa bhliain 2018. Seo corporáid phoiblí a bhfuil a cuid cainéal teilifíse, a stáisiúin raidió, a Suíomh Gréasáin agus a hiris chló (an *RTÉ Guide*) ag ceann nó gar do cheann na hiomaíochta i ngach margadh ina bhfuil sí páirteach. Faigheann sí maoliniú suntasach poiblí (ón gceadúnas teilifíse) agus tráchtala (fógraíocht agus urraíocht clár) ar fáil aici.

Cé gur tháinig ardú beag ar a ioncam ionlán agus laghdú ar a chostais oibriúcháin, deir RTÉ gur chuirimeachtaí agus ócáidí eisceachtúla na bliana 2018 - Cuairt an Phápa, an toghchán Uachtaráinachta agus Corn Sacair an Domhain - leis an easnamh suntasach airgid sin. Maíonn RTÉ nach mbeidh sé d'acmhainn aige a chuid seirbhísí a choinneáil mar atá - gan trácht ar iad a fhorbairt - mura bhfaighidh sé maoliniú breise ón Rialtas.

Más mar seo atá ag an imreoir dúchasach is mó sa tir agus is fearr acmhainní go traidisiúnta, is cinnte nach in éascaíocht ach a mhalaírt atá an treocht don chuid eile ach oiread.

Anuas ar an gcéatadán ard teaghlaigh nach n-íocann ceadúnas teilifíse chor ar bith (suas le 14% ceaptar), tá cor gan choinne eile ag teacht chun cinn anois do RTÉ maidir leis an gceadúnas.

De réir dlí, is éigean d'aon teaghlaigh sa Phoblacht ceadúnas a íoc má tá trealamh aige le cumas comhartha teilifíse a ghlacadh. Ach is furasta anois ábhar teilifíse a ghlacadh ón Idirlíon. Cheana féin tá suas le 10% de theaghláigh na tíre ag deimhniú gur sin t-aon sórt trealaimh atá in úsáid acu, nach teilifíseán an gléas atá acu, agus nach bhfuil aon dliteanas orthu dá réir ceadúnas a íoc. Is ag méadú a bheidh an céadatán sin, gan amhras agus ag laghdú dá réir ioncam ón gceadúnas.

**Meastar go bhfuil scair ós cionn 80% den mhargadh domhanda fógraíochta ar-líne ag Google agus Facebook agus scair níos airde fós ag an dá chomhlacht sin sa margadh fógraíochta ar-líne in Éirinn.** Gan aon amhras, is é seo an t-ábhar imní is mó ar fad do gach imreoir in earnáil na meáin in Éirinn faoi láthair.

Níl teora leis an eolas agus leis na tuairimí atá ar fáil faoi na meáin agus tá leabhair, altanna, podchraolta agus eile á bhfoilsíú ar an ábhar seo gach lá. Níl sa gcáipéis seo ach forléargas gearr ginearálta agus beagán tráchtairreachta mar thaca leis. Níl sí cuimsitheach.

Mar fhocal scoir, is buneolas faoi staid reatha agus tuairim faoi threochaí don todhchaí ag earnáil na meán Béarla in Éirinn atá iarrtha ag an bhForas uaim (féach thuas). Dá réir sin, ní gheofar anseo aon léirmheas ar fheidhmíocht reatha earnáil na meán Gaeilge, ná moltaí don todhchaí. Tá Comhairliúchán Poiblí ar an ábhar sin bunaithe ag an bhForas faoi láthair agus beidh a dtiocfaidh as an bpróiseas sin le meas in am tráth.

Tarraingníonn an cháiipéis ar eolas ó fuarthas ón iliomad foinse, foilsithe agus neamh-fhoilsithe ach tá sí bunaithe den chuid is mó ar thuarascála oifigiúla na mór-imreoirí féin agus ar agallaimh nua pearsanta a rinne an t-údar le hionadaithe sinsearacha i mórán geallshealbhóir, ina measc;

**Peter Feeney**, Ombudsman Preas na hÉireann

**Michael O'Keeffe**, Príomfheidhmeannach, Údarás Craolacháin na hÉireann.

**Johnny O'Hanlon**, Stiúrthóir, *Local Ireland*, (Scáth-eagras na nuachtán áitiúil)

**Dave Moore**, Bainisteoir Taighde Féachana, TG4

**Séamus Dooley**, Rúnaí Cheardchumann na nIrliseoirí in Éirinn, NUJ

**Lísa Ní Choisdealbha**, Stiúrthóir, Cumann na gCraoltóirí Neamhspleácha in Éirinn (IBI)

**Kate Shanahan**, Léachtóir sna Meáin, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

**Pádraig Burns**, Bainisteoir Stiúrtha *Publicis*, (áisínteacht mhór fógraíochta)

**Jonathan Rose**, Stiúrthóir Ofcom (Rialtóir cumarsáide agus craolacháin) Thuaisceart Éireann.

**Kate Shanahan**, Léachtóir sna Meáin, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

# Nuachtán Náisiúnta

Tá an earnáil seo go mór faoi bhrú le tamall maith anois. De réir na bhfigíúrí oifigiúla ag ABC don dara leath de 2018, **bhí meán-díolaíocht laethúil 79,406 cóip** ag *The Irish Times* (idir eagrán cló agus shíntiúis ar-líne). **Seo méadú beag** ar an díolaíocht don bhliain roimhe sin, méadú suntasach 26% ar na síntiúis ar-líne don líne. Tá suas 90,000 duine ag íoc ar an *Irish Times* faoi láthair, an **t-aon nuachtán náisiúnta a mhéadaigh a dhíolaíocht iomlán, bliain ar bhliain.**

**Bhí titim 10% ar dhíolachán nuachtán laethúla** sa tréimhse **agus titim 9% ar dhíolachán nuachtán Domhnaigh**. Tá an titim seo sa margadh náisiúnta leanúnach le dhá bliain déag anois.

**87,512 an meán-díolaíocht laethúil** (cló agus digiteach) a bhí ag an *Irish Independent* sa tréimhshe chéanna, **titim 6%**. Tá an grúpa lena mbaineann an nuachtán seo ceannaithe anois ag an ollchomhlacht meán Mediahuis as an mBeilg/Ísiltír. Bhí titim níos mó fós, 20% (meán díolaíocht laethúil 28,940 cóip) ag *The Herald*, nuachtán eile laethúil an chomhlachta.

**25,419 an meán-díolaíocht laethúil (cló agus digiteach)** a bhí ag an *Irish Examiner* (atá anois faoi úinéireacht ag an *Irish Times*) don tréimhse chéanna, **titim 8 %**. Bhí titim níos mó fós ar nuachtán tráthnóna Chorcaí, an *Evening Echo* agus gan ach **meán laethúil 8,559** á dhíol.

**39,039 cóip den** *Irish Daily Star* a díoladh sa Phoblacht, **titim 10%, agus bhí titim 19%** ar dhíoláiocht an *Irish Daily Mail's* go 29,654 cóip.

**52,121 cóip den** *Irish Sun* a díoladh sa Phoblacht, **titim 8%, agus bhí titim 11%** ar dhíoláiocht an *Irish Daily Mail's* go 28,632.

**6,730 cóip** chrua den *Times Ireland* a díoladh ar an meán, titim 33% agus ní hiontas go bhfuil fógraithe ag an máthair-chomhlacht i Londain i mBealtaine 2019 go bhfuil deireadh á chur leis an eagrán cló agus go bhfuil 17 den 20 iriseoir a bhí ag obair air le scor.


## Nuachtán Domhnaigh sa Phoblacht

**168,976** an meán-díolaíocht (cló agus digiteach) a bhí ag an *Sunday Independent* sa tréimhshe chéanna, **titim 7%**. Tá an grúpa lena mbaineann an nuachtán seo ceannaithe anois ag an ollchomhlacht Mediahuis as an mBeilg/Ísiltír. **29,548** an meán-díolaíocht (cló agus digiteach) a bhí ag an *Sunday Business Post*, titim 7%.

**123,095** an meán-díolaíocht (cló) a bhí ag *The Sunday World*, **titim 8%**.

**71,586** an meán-díolaíocht (cló) a bhí ag *The Sunday Times*, **titim 5% agus 56,473** ag an *Irish Mail on Sunday*, **titim 19%**. Titim 8% ar an a bhí ar dhíolaíocht an *Irish Sun on Sunday* agus an *Irish Sunday Mirror* le díolaíocht 49,116 agus 20,249 fá seach.

Léirítear thíos go lom an treocht díolacháin ar nuachtán sa margadh nuachtán náisiúnta sa Phoblacht le blianta beaga anuas:



Agus tá an pátrún sna Sé Contae níos duairce fós do na mór nuachtáin ansin mar is léir san achoimre thíos ar an titim díolacháin le scór bliain.

### Díolaíocht na Nuachtán Laethúla ó Thuaidh le 20 Bliain

	2018	1998	Difríocht	% Difríocht
<i>Irish News</i>	32,315	50,334	- 18,019	<b>-35.8%</b>
<i>Belfast Telegraph</i>	33,951	124,530	- 90,579	<b>-72.7%</b>
<i>News Letter</i>	12,499	33,853	- 21,354	<b>-63%</b>

Cé gur cloch mhíle thar a bheith suntasach ar chuíseanna eile é díolaíocht an *Irish News*anois a bheith chun tosaigh ar an *Telegraph* ó thús na bliana reatha, feictear sa léaráid an titim tubaisteach ar dhíolaíocht na bpriomh-nuachtán thuaidh ó thús na ré digití.

# Nuachtán Áitiúla

Tá staid reatha na hearnála seo thar a bheith corrach ar fud an oileáin. Tá sí faoi bhrú ag fórsaí iomaíochta domhanda, náisiúnta agus áitiúla. Is ionann an cás sa mBreatain agus i lár na Stáit Aontaithe. Tá an sean-mhúnla maoinithe briste agus iachall ar na nuachtán a bheith seiftiúil, solúbtha agus tabhairt faoi sheirbhísí nua más áil leo theacht slán. Is faoin tuath is dílse atá lucht léite na nuachtán áitiúla agus deir na foilsitheoirí go bhfuil iontaoibh agus meas ar leith ag a léitheoirí ar a soláthar. Is fíor freisin, áfach gur san aoisghrupa 45+ bliain is dílse an lucht léite acu.

Cé gur beag ar fad an titim atá tagtha ar an raon ná ar an uimhir teideal atá ar fáil ar fud na Poblachta, (níl ach 3 theideal as caoga imithe ón margadh seo ó 2008), tá **laghdú 33%** tagtha ar dhíolaíocht na nuachtán áitiúil o le deich mbliana anuas.

Maíonn na nuachtán seo go bhfuil **laghdú 60% tagtha ar a n-ioncam fógraíochta** sa tréimhse chéanna. Go traidisiúnta, ba ar an dá shruth ioncaim sin a bhí an earnáil ag brath go huile. Bhí an tráth ann agus ba choibhneas **80:20** a bhí idir ioncam fógraíochta agus ioncam díolacháin na nuachtán seo. Is cóngaráí do **50:50** anois é i gcuid mhaith acu.

Fágann seo go bhfuil bun-athruithe tarlaithe nó ag tarlú in earnáil ina bhfuil laghdú suntasach tagtha ar an líon fostaithe ar an gcroí-fhoireann bhuan sa nuachtán (12-14 duine ar an meán anois i nuachtán áitiúil gcomparáid le 35 duine ar an meán ag túis an chéid), agus go leor de na seirbhísí a bhíodh á soláthar go inmheáhach ag an nuachtán féin (dearadh, cló, dáiliúchán) á gcur ar fáil anois ag conraitheoirí seachtracha.

Faoi mar a tharlaíonn in aon earnáil atá faoi bhrú, tá comhdhlúthú ag tarlú ar úinéireacht na nuachtán seo agus tá 70% de na teidil a fhoilsítear anois i seilbh 4 ghrúpa nuachtán (INM, Celtic Media, Iconic, Irish Times Regional).

Feictear go bhfuil nuachtán áirithe ag tabhairt faoin dúshlán le nuál agus samhlaíocht – ag tairiscint lán-sheirbhís fhógraíochta do chliaint, mar shampla, le dearadh, cló, físeáin &rl. Baineann cuid acu leas freisin as modhanna mealltacha margáiochta ina luaitear ainm urra le “Réalta Spóirt na Seachtaine” nó ina n-eagraíonn an nuachtán Aonach Bainise ar a mbíonn táille á ghearradh ar ghnólachtaí le bheith páirteach.

Tá an earnáil ag strachailt leis na dúshláin éagsúla seo. Is léir dóibh go bhfuil meas ar a mbranda agus díseacht dó – ach tuigeann siad gur gá dóibh ábhar a sholáthar ar na meáin dhigiteacha chun úsáideoirí níos óige a mhealladh. Níl sé furasta ioncam a thuilleadh as an ábhar dígeach seo mar go bhfuil drogall ar an úsáideoir íoc as ábhar atá ar fáil saor in aisce dó ar ardáin eile. Cé go dtugann an ré dhigiteach an deis do na nuachtán freastal ar an diaspora Éireannach ar fud an domhain, níl múnla maoinithe inoibrithe aimsithe acu fós chun ioncam suntasach a ghiniúint as.

Is deacra fós an iomaíocht do nuachtán áitiúla atá in iomaíocht dhíreach le nuachtán saor in aisce.

Sampla maith de seo é an *Limerick Post*, nuachtán saor in aisce a bhfuil fáil go forleathan air i gceantar ina bhfuil mór-chathair agus ceantracha uirbeacha go leor ina thimpeall agus limistéir mór tuaithe ar gach taobh de freisin. Is doiligh dá iomaitheoir tradisiúnta, sean-bhunaithe sa dúthaigh abheith in iomaíocht leis.

Is cinnte go bhfuil meas ar sholáthar nuactha na nuachtán áitiúla agus ar an dea-iriseoireacht a bhíonn ar fáil iontu. Léiríonn an taighde go bhfuil iontaoibh astu seo agus méar ar chuisle an phobail acu. Tuigeann an pobal áitiúil gur cuid tábhachtach den phróiseas daonlathach iad lena gcoinnítear súil ghéar ar institiúidí poiblí, ar ghnólachtaí, ar lucht ceannais agus ar ionadaithe tofa le cinntíú go bhfuil siad ag feidhmiú de réir a mbriathar agus ag comhlíonadh a cuid oibligeáidí. Creideann na nuachtáin áitiúla go daingean gur bun-sheirbhís phoiblí í an nuacht agus eolas eile atá á soláthar acu agus go bhfuil siad i dteideal maoinithe ón Stát chuige sin agus gurb é an daonlathas áitiúil féin a bhéas thíos leis muna dtarlaíonn sin.

Is beag dóchas atá ag nuachtáin áitiúla go mbeidh d'acmhainní acu sa todhchaí aon soláthar suntasasach iriseoireachta fhiosraitheacht/ iniúchta a chur ar fáil. Éilíonn a leithéid d'iriseoirí, acmhainní agus foighid, nithe nach bhfuil flúirseach acu mar gur ón lámh go dtí an béal atá formhór na n-iriseoirí san earnáil ag saothrú. Tá eagarthóirí faoi bhrú leanúnach scéalta a fhiosrú le foilsíú láithreach bonn (nó a choinneáil go dtí an chéad eagrán seachtainiúil eile ar a dheireanaí). Ní féidir leo feasta fanacht ar feadh míosa go mbeidh iomlán an fhiosrúcháin déanta agus an iar-anailís mheáite mheasta ar fáil, tráth a mbeadh cúpla leathanach luachmhar den nuachtán le tiomnú d'aon scéal amháin. **Má leantar leis an staid reatha, ina bhfuil an earnáil ar-líne gan rialáil agus gan srian ar an oll-ioncam fógraíochta atá ag dul amach as Éirinn chuig na mórchomhlachtaí domhanda, scriosfar an earnáil logánta, dar leo.**

Bhí cás na nuachtán áitiúla sa Tuaisceart eisceachtúil ar feadh i bhfad mar gur fhág an deighilt pholaitiúil go raibh margadh láidir ann do nuachtáin ar an dá thaobh agus fonn ar an bpobal foilseachán seachtainiúil a léamh a sholáthraigh nuacht óna dhúthaire féin agus a raibh a líne eagarthóireachta ag freagairt, a bheag nó a mhór dá léargas féin ar chúrsaí. D'fhág seo go raibh suas le 50 teideal á bhfoilsíú ansin gach seachtain ar feadh i bhfad, brabach á thuilleadh ag a bhformhór agus léitheoirí dílse acu ar fad. Is deacair a shamhlú go leanfaidh an pátrún seo isteach sa dara ceathrú den chéad seo, tráth a bhfuil an iomaíocht dhigiteach ag géarú agus costais tárgthe, cló agus dáiliúcháin ag ardú, go háirithe do nuachtáin den scála seo.

# Éisteacht Raidió in Éirinn

Tá an-tóir ar an raidió mar mheán in Éirinn. Is é an JNLR an miosúr oifigiúil agus dá réir sin (Bealtaine 2019) éisteann tromlach suntasach den daonra fásta sa Phoblacht, (82%), leis an raidió gach lá. I gcás daoine fásta, éisteann siad leis an raidió, nó bíonn sé ar bun in aice leo, ar feadh 4 uair an chloig ar an meán in aghadh an lae sa tréimhse 7am-7pm, Luan-Aoine. Cé go bhfuil titim beag le gairid ar an gcéadatán den aoisghrúpa 15-34 bliain a éisteann leis an raidió gach lá (76%), fós tá lucht éisteachta dílis ag na gach stáisiún, idir náisiúnta agus áitiúil.

Tá an raidió beo go láidir chun cinn ar gach meán éisteachta, 85.5%, deich n-uaire níos airde ná an céadatán éisteachta do cheol ceannaithe. (1.6%) an fhigiúr do Spotify

Ní iontas é gur ag cláracha aitheanta na stáisiún náisiúnta is airde atá lucht féachana agus an tréimhse is faide éisteachta laethúil

**Morning Ireland** (RTÉ Radio 1) 421,000, (-10k le bliain).

**Ryan Tubridy** (RTÉ Radio 1) 328,000 (+3k)

**Liveline** (RTÉ Radio 1) 375,000 (-6k)

**Sunday with Miriam** (RTÉ Radio 1) 252,000 (+6k)

**Newstalk Breakfast** (Newstalk) 124,000 (-4k)

**The Pat Kenny Show** (Newstalk) 150,000 (-5k)

**The Hard Shoulder** (Newstalk) 173,000 (=3K)

**Lunchtime Live** (Newstalk) 100,000 (-5k)

Ach tugann go maith os cionn leath an phobail in Éirinn, 57%, cluas don stáisiún áitiúil tráchtala ina gceantar féin. Níl aon mheath suntasach ag teacht ar chumhacht ná ar thábhacht an raidió in Éirinn agus is imreoir tábhachtach é sa dioscúrsa poiblí. Tá údarás ag na stáisiúin, iontaoibh astu agus idir mheas agus ghean ar thuairim agus ar anailís a gcuid craoltóirí. Tuigeann ionadaithe tofa é sin, ag gach leibhéal den pholaitíocht agus is léir ón bhfógraíocht a chraoltar agus an t-ioncam tábhachtach a thuilltear aisti, go dtuigeann an earnáil ghnó seo freisin.

Ní miste a mheabhrú go bhfuil an miosúr oifigiúil bliantúil ar éisteacht raidió in Éirinn níos suibiachtála ná an miosúr ar mheáin eile. Tá an JNLR bunaithe ar shuirbhé ina gcuirtear ceisteanna ar dhaoine faoina nósanna éisteachta raidió, gan aon bhealach ann chun fírinne ná cruinneas na bhfreagraí sin a thástáil nó a phromhadh.

Is fíor go bhfuil sampla mór ag an suirbhé seo (an ceann is mó d'aon suirbhé dá chineál in Éirinn, beagnach 17,000 duine) agus go bhfuil an paineál ionadaíoch an an daonra iomlán ó thaobh aoisghrúpla aicme, inscne & agus ard-mheas ar an gcomhlacht taighde, Ipsos MRBI. Is díol suntais é freisin, b 'fhéidir nach sonraíonn tuarascálacha bliantúla JNLR aon torthaí ar leith don éisteacht RTÉ Raidió na Gaeltachta.

## Raidió Tráchtala (Náisiúnta agus Áitiúil)

Tá iomaíocht ghéar idir stáisiúin raidió RTÉ (atá maoinithe ag an gceadúnas agus ag ioncam tráchtala) agus an 37 stáisiún tráchtala a chraolann faoi rialáil Údarás Craolacháin na hÉireann faoi cheadúnas náisiúnta nó áitiúil. Tá na stáisiúin seo ag brath go hiomlán ar ioncam tráchtala cé go bhfuil siad féin go láidir den tuairim go bhfuil seirbhís thábhachtach phoiblí á soláthar acu. Ní nach ionadh, tá éileamh déanta acu anois ar an Rialtas ar mhaoiniú poiblí, éilamh nár géilleadh dó, fós. Treiseoidh an brú chuige seo má roghnaíonn an Rialtas Muirear Digiteach Teaghlaigh a ghearradh in ionad an cheadúnais reatha teilifíse.

Mar is léir ó thorthaí JNLR thusa, soláthraíonn na stáisiúin a bhfuil ceadúnas náisiúnta acu (leithéidí *Newstalk* agus *Today FM*) iomaíocht ghéar do RTÉ lena gcláracha ard-éisteachta agus tá éisteacht mhaith ag na stáisiúin náisiúnta sa bpríomhchathair agus sna condaethe timpeall ar Bhaile Átha Cliath (53%).

Ach de réir mar a scrúdaítear an JNLR taobh amuigh den limistéir sin, feictear go méadaíonn dílseacht an lucht féachana dá stáisiún áitiúil féin. Is don stáisiún **logánta atá 65% den éisteacht i gCorcaigh, mar shampla agus suas le 74% den mhargadh ag Highland Radio san iarthuaisceart.**

Ach oiread leis na nuachtáin, tháinig titim shuntasach (suas le 45% meastar) ar ioncam tráchtala na stáisiún tráchtala áitiúla seo sa tréimhse 2008-2016. Deir siad nach bhfillfidh an leibhéal ioncaim a bhíodh acu roimhe sin go deo. Meastar go bhfuil 1,300 duine fostaithe san earnáil tráchtala raidió sa Phoblacht ach níl ach trian den méid sin ag obair go lán-aimsire.

Tá comhdhlúthú áirithe tarlaithe ar úinéireacht na gcomhlachtaí raidió (go háirithe i gcás na stáisiún náisiúnta tráchtala ar fad, atá anois faoi úinéireacht Communicorp) ach ní cosúil go bhfuil seo ag cur isteach ar an lucht éisteachta ná ar na rialtóirí a cheadaigh é.

### Podchraoltaí:

Tá Éire fós ar bharr an tábla Eorpaigh ó thaobh tomhailt podchraoltaí de; dúirt 37% den dream a ceistíodh in Éirinn gur éist siad le podchraoladh le mí anuas, beagán os cionn an mheáin san Aontas Eorpach (33%). Is cinnte gur ag méadú a bheidh an céatadán sin as seo amach.

Léiríonn eisiúintí ó leitheidí *Love Island Morning After Podcast, Second Captains, David McWilliams* &rl go bhfuil ag éirí le lucht podchraolta lucht éisteachta suntasach agus dílis a chruthú agus a mhéadú agus go bhfuil múnla maoinithe acu a thuilleann luach a saothair do lucht a ndéanta. Go deimhin, tá eagrán idirnáisiúnta, *Second Captains World Service* á sholáthar anois na léiritheoirí.

Tá de bhuntáiste ag podchraoladh mar mheán gur féidir an t-ábhar ann a chur i láthair agus a scagadh de réir mar a oireann don lucht éisteachta nó don ábhar - é a bheith reatha chun déileáil le scéal mór na seachtaine nó ar ábhar éigin eile ar ceist nó ábhar é ar féidir déileáil leis ar bhealach a fhágfaidh an podchraoladh “úr” fiú faoi cheann bliana.

# An Margadh Teilifíse

Is léiriú soiléir é an margadh teilifíse in Éirinn ar na mór-athruithe atá tarlaithe sna meáin le fiche bliain. Ní miste a mheabhrú gur teilifís Bhreataineach ab ea an chéad sholáthar rialta teilifíse a raibh rochtain air in Éirinn. Ba ó tharchuradóirí sa Tuaisceart nó sa mBreatain Bheag a fuair daoine sna Sé Contae, cois teorann, i lár tire agus feadh chósta thoir an oileáin a gcomhartha ó chainéis BBC agus ITV i gcaogadaí na haoise seo caite.

Le bunú *Thelefís Éireann* i 1961 fuair lucht féachana ar fud na Poblachta bealach teilifíse dá gcuid féin den chéad uair. Níor laghdaigh sin a ndúil i gcainéis Bhreataineacha ach a mhalaир. Ghin an t-éileamh sin gnó forásach cábla (agus MMDS, satailít agus córais eile freisin) chun rogha fhairsing cainéal as an mBreatain a chur ar fáil don phobal féachana in Éirinn.

Fágann seo go bhfuil cultúr fad-bhunaithe ar fud an oileáin faoina bhfuil an lucht féachana ag iarraidh na gcainéal seo agus iad breá sásta táille shuntasach rialta a íoc chuige sin le dáileoir ar nós Sky, Virgin TV, eir, Vodafone, Magnet &rl. Tá an córas Freesat ann anois freisin, a thugann rochtain ar na mórchainéis Bhreataineacha ar fud an oileáin ar fad gan gá aon táille sheasta a íoc tar éis an trealamh glactha a bheith ceannaithe.

Fágann an iomaíocht ghéar seo - agus na hacmhainní suntasacha atá ar chraoltóirí Breataineacha le híoc ar ábhar spóirt, drámaíochta agus sraitheanna siamsaíochta mar shampla) - go bhfuil sé thar a bheith dúshlánach ag na cainéis dhúchasacha saor go haer in Éirinn – RTÉ, TG4 agus Virgin, – bheith in iomaíocht le céili comhraic atá i bhfad níos mó agus níos saibre ná iad. Mar sin féin, seasann na cainéis Éireannacha an dúshlán laethúil sin go maith (féach thíos).

Anuas ar an iomaíocht sin, tá brú ag teacht ar na cainéis bhaile seo ó threo eile freisin. Tá an teilifís “beo” mar mheán faoi ionsaí ag forbairtí teicneolaíochta a chuireann ábhar ar fáil “ar éileamh” don úsáideoir (Video on Demand, VOD) ag an am a oireann dó féachaint air, seachas ag am a roghnaíonn an sceidealóir teilifíse.

De bhrí go bhfuil ar chumas an úsáideora féachaint ar aon chlár atá taifeadta aige ag an am is fearr leis féin, tá ar a chumas scimeadh gan féachaint thar na fógraí a craoladh lena linn linn. Ciallaíonn an iar-fhéachaint seo nach bhfuil an tionchar céanna, nó b'fhéidir tionchar ar bith, ag na fógraí seo ar an gcineál seo lucht féachana, fógraí ar íoc an fógróir praghas ard lena léiriú agus táille shuntasach ar an am craolta. Is cuid lárnach d'ioncam tráchtala an chraoltóra iad na fógraí agus is mór-ábhar imní dó go bhfuil a ioncam tráchtala ag laghdú agus ag imirt tionchair dá réir ar an airgead atá ar fáil don chraoltóir le híoc as cruthú cláracha mealltacha (dramaíocht, spórt &rl).

Fágann na hathruithe seo go bhfuil brú millteach ar chainéis teilifíse na hÉireann faoi láthair. Tá an aos óg ag aimsiú an ábhair teilifíse is ansa leo ar ardáin eile, go leor de le rochtain saor in aisce ar ardáin eile agus tá an lucht féachana don teilifíse “beo” ag dul in aois.

Sa mBreatain, 60 bliain d'aois atá meán-fhéachanóir ar theilifís BBC anois. Laghdaigh a lucht féachana páistí 15% anuraidh agus cé go bhfuil an aoisgrúpa 15-34 bliain ansin ag caitheamh beagnach chuíg uair an chloig sa ló ag féachaint ar scáileán, tá níos lú ná leath an ama sin ag féachaint ar an teilifís agus uair an chloig ag féachaint ar YouTube.

Dá ainneoin seo ar fad, feicfear ó na ó na táblaí thíos freisin nach bhfuil an cath caillte ag an teilifís traidisiúnta in Éirinn – ná ag na cainéil dhúchasacha ach go háirithe. Ar na saolta seo, tá sé doiligh ag na cainéil thraigisiúnta freastal ar gach mian, rud a bhí ar a gcumas a dhéanamh nuair a bhí monaplacht nó gar-mhonaplacht acu. Tá an lá sin caite ach feictear fós ó dhílseacht an lucht féachana do chúrsaí nuachta, cúrsaí reatha agus spóirt go bhfuil margadh ann i gcónaí don teilifís. Beidh sé doiligh an craolachán poiblí a choinneáil ar ard-leibhéal agus an iomaíocht seo a sheasamh muna bhfuil maoiniú dothánach poiblí ar fáil le híoc as.

Agus na torthaí féachana thíos á meas, meabhráitear gur ionann na figiúirí “000” an aimsiú líon lucht féachana sa ló a d’fhéach ar an gcainéal ar feadh níos mó ná nóiméad.

Aimsiú na gCainéal	2018	2019
<b>RTÉ One</b>	1,551	1,558
<b>RTÉ One + 1</b>	212	237
<b>RTÉ2</b>	883	817
<b>RTÉjr</b>	78	76
<b>Virgin Media One</b>	1,171	1,188
<b>Virgin Media One +1</b>	110	97
<b>Virgin Media Two</b>	593	619
<b>Virgin Media Three</b>	423	333
<b>TG4</b>	400	400
<b>eir Sport 1</b>	35	40
<b>Channel 4 Ireland</b>	270	286
<b>GOLD</b>	173	163
<b>BBC1</b>	567	601
<b>BBC2</b>	314	334


## Scair Bhliantúil % na gCainéal

Cainéal	2014	2015	2016	2017	2018	2019
<b>TG4</b>	1.8	1.7	1.8	1.9	1.8	1.9
<b>RTÉ One</b>	18.7	17.8	18.7	18.4	17.7	18.1
<b>RTÉ One + 1</b>	0.5	0.6	0.8	0.8	0.7	0.8
<b>RTÉ2</b>	7.6	6.5	6.3	6.1	6.5	5.1
<b>RTÉjr</b>	0.2	0.7	0.8	0.7	0.7	0.7
<b>Virgin Media One</b>	10.3	8.1	7.7	10.8	11.9	12.5
<b>Virgin Media Two</b>	2.5	2.7	2.5	3.0	3.4	3.7
<b>Virgin Media Three</b>	0.0	5.9	5.9	2.3	2.2	1.6
<b>eir Sport 1</b>	0.3	0.3	0.3	0.1	0.1	0.2
<b>Channel 4 Ireland</b>	0.9	1.5	1.4	1.3	1.3	1.4
<b>More4</b>	0.7	0.7	0.7	0.7	0.8	0.8
<b>E4</b>	0.8	0.8	0.7	0.7	0.7	0.8
<b>Nick Jr</b>	0.7	0.8	0.8	0.6	0.5	0.5
<b>Nicktoons</b>	0.4	0.6	0.4	0.2	0.2	0.3
<b>Sky 1</b>	1.2	1.0	1.3	1.1	1.1	1.1
<b>Sky News</b>	0.8	0.7	0.8	1.0	0.9	1.1
<b>BBC1</b>	<b>3.9</b>	<b>3.6</b>	<b>3.6</b>	<b>3.5</b>	<b>3.9</b>	<b>4.3</b>
<b>BBC2</b>	<b>1.7</b>	<b>1.4</b>	<b>1.4</b>	<b>1.3</b>	<b>1.4</b>	<b>1.6</b>
<b>UTV (31/08/2017)</b>	<b>2.7</b>	<b>0.7</b>	<b>0.9</b>	<b>0.6</b>	<b>0.0</b>	<b>0.0</b>

Is margadh eisceachtúil ar fad é margadh na teilifíse sna Sé Contae, sa mhéid is go bhfuil rochtain ansin ag an lucht féachana ar raon iomlán chainéil na Ríochta Aontaithe agus go bhfuil fáil acu freisin gur furasta ar chainéil na Poblachta (seachas cainéil Virgin Media). Tugann seo rogha níos leithne fós dóibh agus cé nach bhfuil figiúirí oifigiúla laethúla ar fáil d'fhéachaint sa Tuaisceart ar chainéil RTÉ agus TG4, deimhníonn Tuarascáil Bhliantúil *Ofcom* (an rialtóir ar an margadh ó thuaidh) go bhfuil féachaint shuntasach acu.

Ach léiríonn an sleamhnán seo thíos an treocht sa Ríocht Aontaithe, ina bhfuil féachaint ar an teilifís beo faoi bhrú ag nósmhaireachtaí eile féachana, VOD agus eile. De réir mar a mhéadaíonn na deiseanna iar-fhéachana, físeán ar shíntiús agus físeán ar éileamh, feicfear an sórt seo féachana ag dul i méid in Éirinn freisin agus laghdú dá réir ar an bhféachaint ar an teilifís beo (agus ar luach dá thoradh sin ar fhógraíocht teilifíse freisin).

## The changing TV landscape




Source: 2008-2018, BARB / Broadcaster stream data / IPA Touchpoints 2018

thinkbox

# Na Meáin Shóisialta in Éirinn

Leis na ciantsa cairbreacha is is dream thar a bheith scéalach, cuideachtúil muide, Éireannaigh. Ní iontas é mar sin, go mbainimid go leor úsáide as meáin shóisialta an lae inniu.

Ní miste ag túis aon anailís ar staid reatha na mean seo an fás tapaídhe as cuimse atá tagtha orthu a thabhairt chun suntais, mar a léirítéar anseo don bhliain 2017



*Deloitte 2017*

Is maith freisin, b'fhéidir agus muid ag plé na n-ardán seo a bheith cinnte go dtuigimid céard iad, cén chuid de shaol an úsáideora ar bhfuil siad ag díriú, cén scair den daonra anseo a bhaineann leas astu, cén aidhm agus cén fheidhm atá acu agus cén céadatán den mhargadh in Éirinn atá acu faoi láthair. Glac leis go bhfuil na céatadáin seo ag fás i gcónaí.

Ardán	% Éireannaigh le cuntas (2017/18)	Céard é?
<b>Facebook</b>	66%	Ardán ginearálta le cumais éagsúla. É ag iarraidh bheith ina ardán físe freisin anois (chomh maith comhrá, pictiúir, láithreáin phoiblí ar líne) > 50% úsáideoirí os cionn 35 bliain d'aois. Fós tábhachtach, ach gan a bheith chomh nuálach is a bhíodh.
<b>Instagram</b>	39%	Ardán ar a roinneann úsáideoirí pictiúir agus físeáin ghearra. Cuirtear ábhar buan agus sealadach air. Is é mó a úsáideann daoine faoi 35 bliain go laethúil. Is é an t-ardán is mó atá mar sprioc ag brandaí.
<b>Google (YouTube/Gmail)</b>	25%	Is é YouTube fós an príomh-láthair ag daoine agus iad ag brabhsáil d'fhíseáin níos faide (5n+). Úsáideoirí de gach aois/spéis.
<b>Twitter</b>	33%	Níos laige ó thaobh físeáin agus pictiúirí a roinnt, ach ag iarraidh feabhsú iontu seo. Is anseo a théann daoine chun rudaí láithreacha a phlé – spórt, teilifís, cursaí reatha. In úsáid ag daoine de gach aois/spéis.
<b>Snapchat</b>	5.8%	Ag roinnt pictiúir shealadacha. San iomaíocht, tá an t-ardán seo bualte éasca anois ag Instagram. Ag laghdú go laethúil. Daoine óga/gasúir is mó a bhaineann leas as

### ***Instagram: Laoch na hiomaíochta reatha ?***

Cruthaíonn feidhmíocht reatha na n-eagras Éireannach sin ar Instrgram seo gurb í an bhéim ar chursaí físiúla agus ábhar laethúil a thugann torthaí maithe dóibh. Oireann an fócas ar chursaí físiúla go maith d'Éireannaigh agus ach go háirithe do chomhlachtaí agus d'eagrais Éireannacha atá bunaithe ar chultúr nó ag cur chun cinn áilleacht agus mealltacht na tíre agus a pobal agus ag tarraingt aird ar fháilte, ar chairdeas agus ar fhéith ghrinn an phobail ar fud an oileáin.

## Tábhacht na dTionchóirí

Baineann feachtas mhargaíochta agus brandála ar Instagram leas suntasach as tionchóirí (“influencers”), daoine a thiomáineann an feachtas ar an ardán (ar tháille nó saor in aisce).

Meastar ar an margadh domhanda, **do chuile \$1 a caitear ar mhargaíocht trí thionchóirí, go gcruthaítear luach \$5.20 don bhranda**

Is buntáiste suntasach é seo ag Instagram. Cuirtear béim ar thionchóirí ann agus cinntítear go bhfuil chuile ghné forbartha ardán á éascú do thionchóirí. Is ar Instagram is mó atá deis ag pearsain scéalta laethúla, nodanna faisín agus tuairimí “ábharacha” ar na nithe seo roinnt. Tugann *Instagram Stories* léargas ar a saol na dtionchóirí dá lucht leanta. Tarlaíonn seo,ní amháin le daoine cáiliúla sna meáin thraigisiúnta ach tugann Instagram deis freisin do “ghnáth-dhaoine” a mbranda/pearsa poiblí féin a fhoilsíú agus a fhorbairt.

Dá thoradh seo, tá pearsainanois ann atá “insta-cáiliúil”, daoine gur ar Instagram amháin a chruthaigh siad a mbranda agus a lucht leanta.

De réir na taighde agus ó fhianaise laethúil na n-ardán, is ar ábhar físe is mó ar fad atá éileamh ar na meáin shóisialta. Mar sin, tá na hardáin mhóra uilig ag iarraidh iad féin a chur chun cinn mar ardán físe ag a bhfuil breisíochtaí nuálacha mar chuid dá nádúr agus iad ag síor-fhurbairt.

É sin ráite, úsáidtear na hardáin seo freisin chun ábhar scríofa a chur chun cinn. Baineann thejournal.ie, *The Irish Times* agus na suíomhanna iriseoireachta uilig úsáid as na hardáin seo chun trácht a mhealladh chucu agus úsáideoirí a threorú chuig a gcuid Suíomhanna féin, áit a bhfuil ábhar scríofa ar fáil le léamh. Ar bhealach, tá na hardáin shóisialta cosúil le leagan nua-aimsire den ón seilp nuachtán a bhíonn le feiceáil sa siopa traidisiúnta.

Tá úsáideoirí ag iarraidh pictiúir agus téacs a roinnt chomh maith.

**Cé gur deacair aon tuar cinnte fad-tréimhseach a dhéanamh ar mhargadh corrach mar seo, is cosúil go gcoinneoidh Instagram a áit mar phríomh-ardán an aoisghrúpa faoi bhun 35 bliain go ceann cúpla bliain eile ar a laghad.** Ní miste a mheabhrú, áfach, cé gur cinnte go bhfuil usáideoirí Facebook ag dul in aois, nach gciallaíonn sin go laghdóidh a líon ná a dtábhacht.

An dushlán mór atá ag Facebook anois ná an imní faoi ná scaipeadh bréagnuachta, agus daoine a bheith amhrasach faoina (easpa) polasaithe maidir le cursaí príobháideachais agus rochtain ar ábhar mí-oiriúnach. Tá deimhniú ar an imní agus ar an amhras seo sa taighde is deireanaí atá díreach foilsithe ag Údarás Craolacháin na hÉireann i bpáirt le Reuters ar dhearcadh an phobail in Éirinn ar fhoinsí nuachta

## Fógraíocht ar-líne

Ar an leibhéal domhanda, meastar go bhfuil scair go maith ós cionn 80% den mhargadh domhanda fógraíochta ar-líne ag Google agus Facebook agus scair níos airde fós ná sin ag an dá chomhlacht sin ar an margadh fógraíochta ar-líne in Éirinn. Gan aon amhras, is é seo an t-ábhar imní is mó ar fad do gach imreoir in earnáil na meáin in Éirinn faoi láthair.

# Muinín agus iontaoibh as fírinne na nuachta ar líne

Tá go leor eolais faoi thuairimí an phobail ar sheirbhísí nuacht ar-líne sa Tuarascáil ar an Nuacht Dhigiteach ag Institiúid Reuters (Éire), 2019 a d'fhoilsigh Údarás Craolacháin na hÉireann, (Meitheamh 2019).

Feictear sa taighde seo gur tuairimí dearfacha den chuid is mó atá ag an bpobal in Éirinn faoi ról na meán. Thug 59% den dream a ceistíodh le fios go gcabhraíonn na meáin leo nuacht an lae a thuiscnt agus is é an raidió fós an chéad fhoinsé nuachta ag muintir na hÉireann ar maidin.

Ach léiríonn an taighde nua seo gur ag neartú atá imní agus amhras an phobail in Éirinn faoi iontaofacht agus fírinne na nuachta ar-líne. Tá 61% de thomholtóirí na meán in Éirinn buartha i dtaobh céard atá fírinneach agus céard atá bréagach ar an idirlíon. Sin meadú ar fhigiúir na bliana anuraidh, tráth ar dhúirt 57% den dream a ceistíodh gur chás leo 'bréagnuacht' ar an idirlíon. Tá an figiúr sin d'Éirinn go suntasach níos airde ná an meán Eorpach (51%).

Léiríonn an taighde seo chomh maith go ndearna breis is an ceathrú cuid (26%) de thomholtóirí nuachta in Éirinn cinneadh gan scéal nuachta a roinnt sa bhliain a caitheadh mar go raibh amhras orthu i dtaobh a chruinnis. Bhí 22% de na freagróirí éirithe as úsáid foinsí áirithe nuachta mar nach raibh siad cinnte faoi chruinneas na dtuairiscithe iontu.

Léiríonn an taighde go raibh 69% den aoisghráupa 18-24 bliana d'aois buartha i dtaobh cad is fírinneacht ar an idirlíon, cé gurb é seo an t-aoisghráupa is lú a chuireann suim sa nuacht agus sa pholaitíocht.

## Soláthar nuachta ar tháille

Níl aon athrú ar an gcéatadán den mhionlach sin de dhaoine in Éirinn a íocann síntiús breise ar le do sholáthar nuachta: 12% in Éirinn, 11% san Aontas Eorpach i gcoitinne agus 9% sa Ríocht Aontaithe.

Maidir leo sin in Éirinn a íocann ar leithéide, níl ach síntiús do sholáthar amháin ag a dtromlach (51%). Is é an t-aoisghráupa 25-34 bliana is dóichí a d'íocfadhs as nuacht ar líne (19%).

## Gréasáin shóisialta a úsáidtear i gcomhair nuachta:

Is é Facebook fós an gréasán sóisialta is tábhactaí i gcomhair nuachta in Éirinn (37%), ach tá méadu ag teacht in áiteanna áirithe ar fud an domhain ar an tóir atá ar ghréasáin shóisialta dhúnta, leithéidí *WhatsApp* agus *Facebook Messenger*.

15% an figiúr in Éirinn do na gréasáin seo mar fhoinsé nuachta, méadú 2% ar fhigiúir na bliana anuraidh.

(Mar chomparáid, dúirt 9% de na freagróirí sa Ríocht Aontaithe gur *WhatsApp* a úsáideann siad i gcomhair nuachta).

## Foinsí nuachta is mó á úsáidtear:

Is é an raidió fós an phríomhfhoinse thosaigh nuachta ar maidin in Éirinn (33%). Díol suntais, áfach go bhfuil an figiúir sin 6% níos isle ná 2016, an uair dheiridh a cuireadh an cheist mar chuid de thaighde seo Reuters.

Tháinig méadú mór go 31% ar an úsáid a bhaintear as an idirlíon in Éirinn leis an fón cliste, sin méadú ón 10% a bhí sa taighde trí bliana roimhe sin.

Níor athraigh na céatadáin don teilifís mar thus-fhoinse nuachta na maidine (16%) nó na nuachtáin chlóite (4%).

Ba é Facebook an rogha ba mhó ag lucht úsáide fón cliste (35%), agus láithreáin gréasáin nuachta nó aipeanna nuachta sna sála air (32%).

# Iriseoireacht

Cé go nglactar leis go bhfuil an dea-iriseoireacht ar cheann de bhunchlocha an daonlathais in aon sochaí aibí, tá rian fágtha ag na mór-athruithe atá sonraithe sa tuarascáil seo ar gach gné de na meáin in Éirinn. Ní eisceacht í ceird sean-bhunaithe na hiriseoireachta.

Go deimhin, tá cuma sheanda fiú ar ar theideal na ceird sin i bhfianaise na nua-theicneolaíochta agus na n-ardán digiteach ar a bhfuil saothar iriseoirí na linne seo ar fáil.

Meastar go bhfuil suas le 500 post Ian-aimsire iriseoireachta caillte san earnáil le fiche bliain anuas. B' é dúnadh ghrúpa mór *Scéala Éireann/The Irish Press* (1935-1995) an tubaiste ba mhó in earnáil na hriseoireachta náisiúnta sa gcéad seo caite agus d'imigh *The Sunday Tribune* (1980-2011) ach tá scéimeanna suntasacha iomarcaíochta i nuachtáin eile ó shin tar éis an líon postanna iriseoireachta a laghdú de réir a chéile ag léithéidí *Independent News and Media*, *The Daily Mail* agus *The Times (Ireland)*. Is díol spéise gur fhógair an *Times* nach bhfuil ach triúr as an fiche iriseoir a bhí fostaithe dá eagrán Éireannach le coinneáil agus go mbeifear ag éileamh 6-7 scéal sa lá uathu seo, rud a chiallaíonn gur ag a mbínse oibre seachas amuigh faoin tír ná faoin gcathair ar thóir scéalta a bhéas siadsan feasta.

Mar is léir ón taighde ag Reuters atá luaite thusa, is léir go tuiscint mhaith ag an bpobal ar thábhacht na dea-iriseoireachta don sochaí agus is ábhar imní dóibh go mbeadh amhras nó easpa muiníne ann faoi iontaolfacht na nuachta a chuirtear ar fáil dóibh.

Agus na mór-sholáthraithe nuachta ar fad in Éirinn faoi bhrú airgeadais, is dúshlán ar leith e dóibh ard-chaighdeán na hiriseoireachta a chosaint agus gan géilleadh don chathú scéalta gáifeacha, nó tuairimíocht gan taighde a chur chun cinn mar ‘nuacht’. Is léir go bhfuil gá níos géire ná riamh ann d’iriseoirí atá oilte agus ábalta lucht ceannais a fhaire agus a iniúchadh agus torthaí a gcuid fiosrúchán a fhoilsú gan fuacht ná faitíos.

Tá neart cúrsaí ar fáil in institiúidí triú leibhéal ar fud an oileáin ina bhfuil an focal “iriseoireacht” luaite ina dteideal. Ach is beag ar fad an ról atá ag na meáin féin i ndearadh na gcúrsaí seo agus is baolach go bhfuil an bhearna idir eolas acadúil ar an gceird agus luachanna agus cleachtais na dea-iriseoireachta practiciúil ag leathnú. Maítear freisin go bhfuil míleas á bhaint ag bainisteoirí nuachta as micléinn intiarnachta ar phá suarach (nó gan pá) le hobair iriseoireachta a dhéanamh.

Cé go bhfuil an líon iriseoirí ard go leor ag nuachtáin agus foinsí eile, meabhráonn a gceardchumann, an NUJ, gur cóngaraí do bhun an scála tuarastail ná a bharr a bhformhór seo fostaithe agus go bhfuil an t-ualach oibre atá leagtha orthu chomh dian sin gur beag scóip atá ann d’iriseoireacht fhiosraitheach a bhfuil am agus foighid ag teastáil lena déanamh agus an baol ann nach mbeidh aon scéal infhoilsithe ar fáil ar chor ar bith (ar chuíseanna go leor, bagairt dlí ina measc). Tá triail a bhaint as múnlach nuálach maoinithe (slua-mhaoiniú) ag leithéidí [www.noteworthy.ie](http://www.noteworthy.ie) ach is suimeanna beaga airgid a thugann seo isteach de ghnáth.

## Conclúid

Tháinig forbairt agus fás as cuimse ar an earnáil seo ó thús na haoise seo caite, ar fud an oiléáin. Glacann staraithe agus tráchtairí leis gur beag gné de shaol sóisialta, polaitiúil, cultúrtha, spóirt, cearta ban agus mionlaigh na tíre nach raibh ról lárnoch ag na meáin ann. Géilltear gur fheidhmigh siad go ceannródúil go minic ag cruthú spáis don dioscúrsa oscailte poiblí atá chomh tábhachtach sin do shochaí saor ar bith.

Ach is dána an té a dhéanfadh deimhin dá thuairim maidir lena bhfuil i ndán do na meáin in Éirinn, ná in aon áit eile. Tá na billiúin infheistithe ag na mór-imreoirí san earnáil dhomanda seo agus méar ar chuisse an mhargaidh ag gach ceann acu, féachaint lena bhrabach a chinntí agus fhirlámhas féin a chur chun cinn.

Go dtí le gairid, glacadh leis go ginearálta gur tairbhe don phobal iad na meáin agus gur bunchloch don daonlathas an tseirbhís a chuireann siad ar fáil agus gur dualgas dlisteanach don Stát tacú leis an tseirbhís sin le maoiniú poiblí, gan aon chur isteacht ar a neamhspleáchas. Tá an chinnteacht seo faoi amhras anois, áfach.

Tá na meáin “traidisiúnta” in Éirinn ag crosaire faoi láthair, faoi mar atá a leithéidí ar fud an domhain. Is léir go bhfuil cumhacht na nuachtán cló ag lagú den chuid is mó agus é ag dul dian orthu an dílseacht a bhíodh dóibh ag gach aoisghráupa fásta a choinneáil.

In Éirinn, tá éileamh fós ar na nuachtáin áitiúla ach é ag éirí níos deacra in aghaidh na bliana bonn folláin eacnamúil a choinneáil faoina ngnó. Ní chreideann go leor don aos óg go bhfuil ar chumas an nuachtáin cló freastal ar a riachtanais “nuachta” agus tá an tuiscint atá ag an aos óg sin ar céard is “nuacht” ann ag athrú ó bhun freisin. Is doiligh a cheapadh nach dtiocfaidh laghdú suntasach ar an líon teideal nuachtán cló ar an oileán as seo go ceann deich mbliana. Agus an daonra ag dul in aois, mairfidh a ndíolachán ach níl aon fhianaise ann nach ag laghdú a bhéas sé.

Is cuid lárnoch den soláthar meán in Éirinn é an raidió agus is é is folláine de na meáin thraigisiúnta ar an oileán seo, ag an leibhéal náisiúnta agus áitiúil. Agus an Rialtas meáite ar mhodh maoinithe an chraolacháin phoiblí a athrú, neartóidh cás na hearnála tráchtála ar scair den mhaoiniú poiblí sin a fháil don chuid sin dá soláthar féin a bhfuil gné seirbhíse poiblí ag baint léi. Méadóidh an tacaíocht don earnáil seo ón Státhiste, le scéimeanna maoinithe agus/nó faoiseamh chánach/rialacháin fhógraíochta.

Tarlóidh seo i gcás na teilihíse freisin, seans agus rachaidh sé rite le RTÉ fanacht chun cinn ar na mhór-athruithe eile ón uile thaobh idir luas na bhforbairtí teicneolaíochta, méadú ar na roghanna atá ag an tomhaltír agus neart na bhfórsai seachtracha sa margadh idirnáisiúnta.

Treiseoidh cumhacht na meán digiteach agus a gcumas freastal ar riachtanas agus ar mhianta uathúil an duine aonair, idir chainéil ar leith do gach saghas caitheamh aimsire agus sainspéis. Beidh (mura bhfuil cheana) cainéal *tiddlywinks* ann agus sainchainéal do gach saghas spéise agus caitheamh aimsire. Laghdóidh cumas na gcainéal ginearálta teilihíse cearta craolta a fháil ar imeachtaí spóirt mór-éileamh agus méadóidh gearán faoi ról na gcainéal seo agus ceisteofar an gá atá leo agus lena costas ón gciste poiblí.

Fágann seo ar fad go bhfuil, mar a bhíonn in aon earnáil, idir bhaol agus dheis ann. Is fada é aitheanta gur máistrí ar an scéalaíocht iad muintir na hÉireann agus tá seo cruthaithe ag beagnach gach glúin ó ré *Tháin Bo Cuailgne* i leith. Tá na meáin in aon ré bunaithe ar scéalaíocht ach is gá don scéalaí a ealaíon a mháistriú agus mianta scéalaíochta a lucht éisteachta a thuiscint agus freastal orthu.